Lá Fhéile Pádraig

Tasc A

Rólimirt

Ní fada go mbeidh Lá Fhéile Pádraig ann. Tá tusa agus do chairde ag baint sult as an ullmhúchán don Fhéile speisialta seo. Beidh tionól scoile agaibh agus tá do rang ag foghlaim faoi rudaí difriúla a bhaineann leis an lá stairiúil seo. Bheadh cúlra agus eolas faoi Naomh Pádraig úsáideach mar réamhobair.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cén dáta a bhíonn muid ag ceiliúradh lá náisiúnta na hÉireann?**
2. **Cad é atá ar eolas agat faoi Naomh Pádraig?**
3. **Cad é a dhéanann tú féin leis an lá seo a chéiliúradh?**
4. **An mbíonn lá speisialta agaibh ar scoil leis an fhéile seo a chéiliúradh? Déan cur síos ar na rudaí a dhéanann sibh.**
5. **Cá mhéad contae atá in Éirinn? Cén contae ina bhfuil cónaí ort féin?**
6. **Ainmnigh príomhchathair na hÉireann. An dtig leat 3 chathair eile a ainmniú?**
7. **An dtig leat cúigí na hÉireann a ainmniú? Cén cúige ina bhfuil cónaí ort féin?**
8. **An bhfuil eolas ar bith agat faoi bhia tradisiúnta na hÉireann? Má tá, an dtig leat cur síos a dhéanamh air?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Beannachtaí na Féile Pádraig ort
- Naomh Pádraig
- Ag ceiliúradh
- Cultúr na hÉireann
- Ceol traidisiúnta na hÉireann
- Damhsa Gaelach
- An Ghaeilge
- Seamróg
- Suaitheantas
- Nathair nimhe
- In Éirinn
- Is é ár lá náisiúnta é.
- Gliondar ar mo chroí
- Scléip
- Mórshiúl/paráid
- Bratach na hÉireann
- An dath glas a chaitheamh
- Stobhach/arán sóide/cál ceannann
- Aifreann
- 17ú Márta – mí an Mhárta

© CCEA 2022

Lá Fhéile Pádraig

Seanfhocail

Tír gan teanga, tír gan anam.

Saibhreas Teanga

Ó dhubh go dubh – ag cóisireacht ó dhubh go dubh
Dubh le daoine – bíonn mórshiúl dubh le daoine
In ard a cinn/in ard a chinn – ag scairteadh in ard a chinn
Ag seinm ceoil – ag seinm ar an fheadóg stáin, ag seinm ar an fhidil srl
Tá bua an cheoil aici./Tá féith an cheoil inti.
Stiúgtha leis an ocras – ocras an domhain

Tasc B

1. Póstaer

Caithfidh tú suaitheantas a dhearadh do Lá Fhéile Padraig . Cuir na smaointe thíos in áireamh agus tú ag pleanáil:

- Íomhánna a bhaineann le hÉirinn.
- Dathanna leis an lá a cheiliúradh.

B'fhéidir go dtiocfadh leat smaoineamh ar íomhánna nua le Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh. Is cinnte go mbíonn seamróga, damhsoirí Gaelacha agus ceol na hÉireann nasctha leis an lá speisialta seo. An dtig leat smaoineamh ar íomhánna ar bith as an choiteann?

2. Fiosrúchán

Bíonn Lá Fhéile Pádraig ina ócáid speisialta ar fud an domhain.
Faigh amach cad é mar a dhéanann tíortha difriúla ceiliúradh ar an lá seo.
Seo cuid de na tíortha a dhéanann ceiliúradh:

- Na Stáit Aontaithe – go háirithe Nua Eabhrac
- Ceanada
- An Astráil
- An tSeapáin
- An Bhrasaíl

Roghnaigh 3–4 thír. Breac síos roinnt fíricí faoin bhealach a ndéanann na tíortha seo ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig.
Déan an t-eolas seo a roinnt leis an chuid eile den rang nó le do ghrúpa.

© CCEA 2022